2026/2317

14.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2317 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/638/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2027, agus ba cheart beirt a bhaint de liosta na ndaoine a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 8(2), cuirtear ‘an 27 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad an dáta ‘an 27 Deireadh Fómhair 2026’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/638/oj).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/638/CBES, i liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, scriostar iontrálacha 4 agus 5.